

Lá Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh

**Foireann uirlisí le tabhairt faoi na meáin shóisialta chun úsáid
chiallmhar antaibheathach a chur chun cinn**

Nóta treorach (Giorraithe)



Clár Ábhair

Réamhrá.....	3
Faoi na meáin shóisialta.....	4
Achoimre na Treorach ar oiriúnú príomhtheachtaireachtaí agus uirlisí EAAD le haghaidh úsáide sna meáin shóisialta	5
Treoirlínte ginearálta le tabhairt faoi na meáin shóisialta.....	5
Fócas ar Facebook.....	6
Fócas ar Twitter	7
Fócas ar LinkedIn.....	9
Aguisín.....	11

Réamhrá

Is é atá mar aidhm leis an Lá Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh ná ardán agus tacaíocht a sholáthar d'fheachtais náisiúnta ar úsáid chiallmhar antaibheathach. In 2011-2012, tá fócas an fheachtais ar chomhdhlúthú gníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha an fheachtais. Ceann de na gníomhaíochtaí ná forbairt **treorach le tabhairt faoi na meáin shóisialta** chun feachtais ar úsáid chiallmhar antaibheathach a scaipeadh.

Is í seo an achoimre ar an doiciméad treorach atá bunaithe ar thaighde ar ghníomhaíocht na meán sóisialta a bhaineann le húsáid antaibheathach san AE, mar aon le suirbhé ar ghníomhaíochtaí meán sóisialta na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta EAAD. Léirigh an taighde go bhfuil roinnt gníomhaíochta ar siúl sna meáin shóisialta cheana féin ar úsáid chiallmhar antaibheathach agus go bhfuil lucht tionchair féideartha áirithe ag teacht chun cinn.

Tar éis an taighde agus an tsuirbhé, beartaíonn an doiciméad seo gníomhaíochtaí na meán sóisialta a d'fhéadfaí a dhéanamh mar chuid d'fheachtais náisiúnta ar úsáid chiallmhar antaibheathach, le díriú ar an bpobal i gcoitinne, ordaitheoirí cúraim phríomhúil agus ordaitheoirí ospidéal.

Féach freisin:

- téacs iomlán an nóta treorach (in EN),
- Aguisín 1: Mapáil ar ghníomhaithe agus lucht tionchair an AE gníomhach i ndáil le hantaibheathaigh (in EN),
- Aguisín 2: Suirbhé ar Pháirtithe EAAD agus a gcuid úsáide siúd de na meáin shóisialta (in EN),
- Aguisín 3: Tionscnaimh thábhachtacha nuair atáthar ag obair leis na meáin shóisialta (in EN).

Faoi na meáin shóisialta

Is féidir cur síos a dhéanamh ar thimpeallacht na meán sóisialta trí chúig mhórtéith:

rannpháirtíocht (roinnt eolais agus tuairimí), **oscailteacht** (is féidir le gach duine roinnt agus a bheith páirteach), **comhrá** (cumarsáid leis an agus ón sprioclucht féachana), **comhphobal** (ábhair spéise choitinn ag coinneáil úsáideoirí le chéile) agus **nascacht** (comhtháthú na meán agus na n-ardán, na suíomh, na n-acmhainní agus na ndaoine éagsúla). Tá fás ag teacht ar an gcaoi a dtacaíonn na meáin shóisialta le, nó fiú go dtéann siad in ionad na mbealaí traidisiúnta cumarsáide agus léiríonn siad gur bealach éifeachtach é oscailt an bhealaigh don sprioclucht féachana chun freagra a thabhairt ar agus a bheith idirghníomhach le feachtas, chun feachtais a fheabhsú.

Ní eisceacht ar bith é réimse na n-antaibheathach i ndáil leis na treochothaí seo. Is é príomhchonclúid an taighde ag mapáil¹ na príomhghníomhaithe atá gníomhach ar ábhar na n-antaibheathach sna meáin shóisialta ná go bhfuil acmhainneacht ollmhór nach bhfuil úsáidte go fóill ansin maidir le húsáid na meán sóisialta chun úsáid chiallmhar antaibheathach a chur chun cinn. Ar thaobh amháin, tá suim ghinearálta ag othair i bhfoghlaím faoi antaibheathaigh de réir mar a thógann siad iad nó sa chás go bhfuil siad ag smaoineamh ar iad a thógáil. Ar an taobh eile, tá comharthaí tosaigh ar ghníomhaíocht ag na saineolaithe i bplé faoi antaibheathaigh agus frithsheasmhacht in aghaidh na antaibheathach sna meáin shóisialta.

¹ Féach Aguisín 1 (i mBéarla).

Achoimre na Treorach ar oiriúnú príomhtheachtaireachtaí agus uirlisí EAAD le haghaidh úsáide sna meáin shóisialta

Ar mhaithe le teagmháil a dhéanamh le gach sprioclucht féachana de chuid an EAAD - an pobal i gcoitinne, ordaitheoirí cúraim phríomhúil agus ordaitheoirí ospidéil - aithníodh dhá ghníomhaíocht fhéideartha sna meáin shóisialta do gach ceann de na grúpaí seo:

An Pobal i gCoitinne

Ag úsáid rianaire sláinte soghluaiste (féach téacs iomlán um fhoireann uirlisí, in EN)
Leathanach Facebook a chruthú

Ordaitheoirí Cúraim Phríomhúil

Ag úsáid na meán sóisialta in ócáid as líne (féach téacs iomlán um fhoireann uirlisí, in EN)
Dul i gcruinne Twitter

Ordaitheoirí Ospidéil

Seomra nuachta a fhorbairt i ndáil leis na meáin shóisialta (féach téacs iomlán um fhoireann uirlisí, in EN)
Grúpa LinkedIn a fhorbairt

Níl aon bhealach amháin le príomhtheachtaireachtaí an EAAD a chur in oiriúint d'úsáid ar na hardáin shóisialta, mar gheall ar thimpeallacht dhinimiciúil na meán sóisialta. Tá sé tábhachtach go rachadh úsáideoirí in oiriúint don ardán a úsáideann siad agus go dtabharfaidís freagra ar an timpeallacht athraitheach meán sóisialta.

Treoirínnte ginearálta le tabhairt faoi na meáin shóisialta

Soláthraíonn an liosta anseo thíos sraith breithniúchán nach bhfuil uileghabhálach nach mór a choinneáil in aigne nuair atá úsáid a bhaint as na meáin shóisialta:

1. Ar an gcéad dul síos, bíodh **ciall** agat. Smaoinigh cibé an bhféadfadh do ghníomhartha tionchar a imirt ar cháil nó ar ghnó d'eagraíochta agus ná postáil ach eolas oifigiúil.
2. Smaoinigh ar cibé an bhfuil an t-ábhar nó an fhaisnéis **rúnda** nó íogair. **Seachain** ceistanna a phlé amhail cúrsaí dlí, feidhmíocht airgeadais, straitéis, sonraí eolaíocha, agus/nó ráflaí, s.rl.
3. Bíodh **cóipchearta** in aigne agat agus tabhair creidiúint d'úinéirí.
4. Cosain do **phríobháideachas** agus íoslaghdaigh rioscaí slándála, bí eolach ar shocruithe príobháideachais éagsúla ar ardáin shóisialta.



5. Bí cinnte go gcoinnítear an **ton** taitneamhach agus gairmiúil, fiú mura n-aontaíonn tú le tuairim dhuine eile.
6. Cuimhnigh gur féidir do ghníomhaíocht ar líne a léamh agus a **rianú** ar feadh tréimhse fhada ama. D'fhéadfadh sé a bheith deacair aon ghníomhaíocht a bhaint nó a athrú, mar sin smaoinigh sula ndéanann tú postáil, ráiteas nó ábhar a roinnt.
7. Cloígh le **rialacha** oifigiúla i d'eagraíocht agus le dlíthe agus treoirlínte inmheánacha brandála/cumarsáide ábhartha eile.
8. Bí **ionraic agus trédhearcach** faoi na rudaí atá ar intinn agat. Bíodh d'ainm ceart ar taispeáint agat i gcónaí.
9. Smaoinigh ar **na daoine a nascann tú leo** – ní féidir leat a bheith cinnte riamh an bhfuil comhghleacaithe, baill, othair, iriseoir nó soláthraithe s.rl. i gceist.

Fócas ar Facebook

Ardán: Níor chóir neamhaird a thabhairt ar Facebook² d'fhonn teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne. Is é Facebook ardán na meán sóisialta a bhfuil an t-aimsiú is mó ar domhan aige. Shroich sé 800 milliún úsáideoir cláraithe le linn 2011, agus tá gach úsáideoir nasctha ar an meán le breis is 80 leathanach nó grúpa³.

Scála: Tá gá le gníomhaíocht rialta agus teagmháil ar líne chun leathanach a chruthú ar Facebook, amhail an chuid is mó gníomhaíochtaí meán sóisialta. Ar mhaithe leis an gcuispóir seo, seans go mbeidh ort cinneadh a dhéanamh ar cibé an bhfuil am, ábhar agus acmhainní ar fáil chun leathanach tiomanta feachtais a nuashonrú go rialta i rith na bliana nó cibé an bhfuil sé níos éifeachtúla do leathanach institiúide a úsáid le haghaidh fógraí anois is arís.

Ábhar: Sula ndéanfaidh tú do leathanach a ghníomhachtú, déan machnamh cúramach ar an gcineál faisnéise is mian leat a sholáthar agus déan féilire eagarthóireachta a chabhróidh leat gníomhaíochtaí a chomhrialú go fadtéarmach.

Bíodh do chuid ábhair ábhartha, suimiúil agus inghníomhaithe. Ná díriú an iomarca ar na cuspoirí atá agat féin príomhtheachtaireachtaí a chur chun cinn. Ina áit sin, soláthair ábhar a mhéadaíonn luach trí faisnéis, oideachas nó siamsaíocht. Cabhraítear leis seo le tuiscint ghéar ar riachtanais agus suimeanna do lucht féachana.

Bealach úsáideach le teagmháil a dhéanamh leis an lucht féachana ná nascadh le (agus tráchtanna a dhéanamh ar) faisnéis tríú páirtí, chomh maith le d'ábhar féin – nuacht, tráchttaireacht, tuarascálacha staidéir, físeáin, pictiúir, s.rl. Is féidir beocht a chur i scéalta chomh maith trí úsáid a bhaint as físeáin, grianghraif agus ilmheáin eile. Tá 19 n-oiread leantóirí ag leathanaigh a chuimsíonn meáin shaibhir ná na leathanach nach gcuimsíonn a leithéid, ar an meán. D'fhéadfaí cuid de na

² <http://www.facebook.com/>

³ <https://www.facebook.com/press/info.php?statistics>

hábhair a sholáthraíonn ECDC⁴ a úsáid le haghaidh an chuspóra seo, mar shampla, na gearrthóga, grianghraif, agus bileog othar.

Rannpháirtíocht: Bíodh an t-ábhar úr agus suas chun dáta.

Ní gnách a bhíonn teanga fhoirmiúil éifeachtach sa timpeallacht seo. Ba chóir go gcinnteodh riarthóirí leathanaigh go labhraíonn siad le lucht féachana ar bhealach a thuigeann siad agus ar féidir leo ionannú a dhéanamh leis.

Spreag idirghníomhaíocht idir baill an chomhphobail agus spreag idirghníomhaíocht le húsáideoirí: tabhair freagra ar thráchtanna, cuir ceisteanna, cuir pobalbhreitheanna ar siúl i measc na n-úsáideoirí, tabhair cuireadh do dhaoine rudaí nua a scríobh, breisigh comhráití trí eolas a sholáthar a bhfuil an seans ann nach bhfuil sé feicthe ag an gcomhphobal cheana.

Ná éalaigh ó ráitis diúltacha. Téigh i ngleic leo – aithníonn úsáideoirí oscailteacht agus freagrúlacht, ar nithe iad a chabhraíonn go mór le hiontaoibh a chruthú.

Rianaigh do chuid torthaí: Soláthraíonn Facebook úinéirí leathanaigh le **Léargais Facebook**, painéal saor in aisce a chuireann ar do chumas fás agus déimeagrafaic úsáideoirí, úsáid ábhar agus cruthú ábhair a rianú.

Fócas ar Twitter

Ardán: Is ardán maith é Twitter⁵ mar shuíomh na meán sóisialta a bhfuil ráchairt aire chun cumarsáid a dhéanamh le hordaitheoirí cúraim phríomhúil faoi fhritsheasmhacht in aghaidh na n-antaibheathach. Is dóchúil go gcaithfeadh cleachtóirí cúraim phríomhúil cuid dá laethanta oibre taobh thiar dá ndeasca agus tá sé léirithe ag tuarascálacha staidéir gur dóchúla go lorgódh siad eolas ar líne. Ina theannta sin, úsáideann cuid mhaith cleachtóirí a ngléasanna leictreonacha féin, amhail fóin chliste agus taibléid⁶ chun a leithéid a dhéanamh. Ardán coitianta ba ea Twitter i ndáil le taighde agus suirbhéanna araon de chuid páirtithe EAAD.

Úinéireacht: Déan cinneadh ar an duine a dhéanfaidh eagarthóireacht, bainistiú agus cur chun cinn ar an gcainéal. Ba chóir go mbeidís seo á ndéanamh ag duine a bhfuil cur amach maith acu ar antaibheathaigh agus ar an bhfeachtas, ar ndóigh. Ní mholtar duit próifíl a chruthú ar Twitter nach mbíonn gníomhach ach i rith EAAD, ach próifíl inar féidir faisnéis, acmhainní agus nuacht a roinnt go leanúnach.

Tá an t-aitheantas oifigiúil cuideachta atá agat ar Twitter mar chuid den bhranda atá agat agus ba chóir go mbeadh sé i gcomhréir leis an gcaoi a gcuireann tú síos ar do chuideachta.

⁴ <http://ecdc.europa.eu/en/eaad/Pages/ToolkitsGeneralPublic.aspx>

⁵ <http://twitter.com/>

⁶ <http://mashable.com/2011/09/13/tablets-changing-search/>

Tuiscint ar an teanga: Bí cinnte go dtuigeann tú friotal uathúil Twitter sula mbaineann tú úsáid as. Na téarmaí is tábhachtaí ná:

DM: Teachtaireacht Dhíreach

@: Úsáidtear é seo chun freagra a thabhairt agus bíodh sé i gcónaí agat roimh aitheantais Twitter i bhfreagra.

RT: Ath-tuít [*re-tweet*] (mar an gcéanna le teachtaireacht a chur ar aghaidh).

Tuít [*Tweet*]: Teachtaireacht a sheoladh ar Twitter.

#: Bain úsáid as an haischlib chun deiseanna a thabhairt duit do chuid tuíteanna a chur in innéacs, ionas gur féidir iad a chuardach⁷.

Aithin iriseoirí, foilseacháin na meán, blagadóirí cúram leighis, páirtithe, soláthraithe, iomaitheoirí agus daoine a bhíonn ag tuíteáil faoi úsáid chiallmhar agus oidis antaibheathach.

Ábhar: Seo roinnt samplaí den chaoi leis na teachtaireachtaí feachtais a úsáid ar an ardán seo:

Faigh na léargais nuachta faoi fhás frithsheasmhachta in aghaidh na antaibheathach [nasc] #EAAD #antaibheathaigh #HC

Tá an chumarsáid le hothair thar a bheith tábhachtach – seo spreagadh duit [nasc] #oideasantaibheathach

Mo chur i láthair ó chomhdháil Doctors 2.0 i bPáras. [nasc] #sleamhnáin #Doctor2.0#EAAD

Baineann na rialacha céanna le Twitter is a bhaineann le cumarsáid ghinearálta fóin agus rphoist. Níl tú ach ag iarraidh eolas a chur ar aghaidh go dtí tuairisceoir a bhaineann leis an ábhar sin.

Pé am is cuí, déan teagmháil le daoine i measc an phobail faoi ábhar ar leith.

Ní féidir leat ach 140 carachtar a úsáid agus seans go bhfuil seoladh an ábhair i gceist chomh maith. Pé áit ar féidir, cuir nasc giorraithe leis an bhfaisnéis ábhartha san áireamh. D'fhéadfadh preaseisiúint, alt nuachta, gné-alt, podchraoladh, postáil bhlag s.rl. a bheith i gceist. Molaimid Bit.ly chun naisc a ghiorrú.

Rudaí Ar Cheart agus Nár Cheart a dhéanamh:

Ba Cheart	Níor Cheart
Luach a chur le do chuid úsáideoirí agus comhráite	A bheith leadránach!
Ath-tuíteáil a dhéanamh ar ábhair a cheapann tú atá ábhartha, suimiúil nó luachmhar	Nasc a dhéanamh le do shuíomh féin an t-am ar fad ('Turscar nasc')

⁷ <http://mashable.com/2009/05/17/twitter-hashtags/>



Páirt a ghlacadh i gcomhráití ar do shruth féin agus ar shruthanna eile ar Twitter	Caitheamh le Twitter mar chainéal dáilte bealaigh amháin
Ceisteanna a chur ar do shruth féin	Bheith do do chur chun cinn féin an iomarca
Aiseolas a lorg	Díriú ar mhéid in áit cáilíochta
Scríobh mar dhuine, seachas institiúid	Dul i mbun troda

Uirlisí Bainistíochta: Tá roinnt uirlisí ann a chabhraíonn leat do chuntas ar Twitter a bhainistiú. Seo roinnt moltaí: Bit.ly, Tweetdeck, Google Analytics.

Fócas ar LinkedIn

Ardán: Tá breis is 120 milliún úsáideoir ag LinkedIn i mbreis is 200 tír agus tá 26 milliún acu san Eoraip⁸. Cuireann Grúpaí LinkedIn ar chumas úsáideoirí caidreamh nua gnó a bhunú trína bheith páirteach i ngrúpaí alumni, tionscail, gairmiúla agus/nó ábhartha eile. Tá roinnt grúpaí thar a bheith speisialaithe agus bíonn siad ag déileáil le réimse nó tionscal caol; tá cinn eile ann atá an-leathan. Bíonn daoine gairmiúla ag malartú ábhar, nuacht agus faisnéis, ionas gur féidir eolas a scaipeadh go tapa.⁹

Grúpa a chruthú: Sula ndéanfaidh tú Grúpa a chruthú ar LinkedIn, caith súil ar an Eolaire Grúpa le fáil amach an bhfuil Grúpaí comhchosúla ann cheana¹⁰. Nuair atá cur síos á dhéanamh agat ar an nGrúpa, ná déan dearmad eochairfhocail/frásaí a chur san áireamh a chabhróidh le daoine do Ghrúpa a aimsiú. Liostaigh an Grúpa san Eolaire Grúpaí. Seans gur mhaith leat comhghleacaithe a cheapadh mar “Bhainisteoirí Grúpa” chomh maith, ionas gur féidir leo cabhrú le cothabháil an Ghrúpa.

Ábhar: ní mór dó aitheantas branda/ainm agus fócas an Ghrúpa a léiriú.

Postáil roinnt ábhair sa Ghrúpa sula gcuirfidh tú chun cinn é, ós rud é go dtugann sé seo deis do dhaoine a fháil amach céard a bheadh i gceist leis dá mbeidís páirt ann.

D’fhéadfadh noid, naisc le hait, físeáin nó cur i láthair a bhaineann le d’ábhar, sonraí seolta táirgí atá ag teacht aníos agus ócáidí eile a bheith mar ábhar.

Tá méid ollmhór tagairtí agus faisnéise luachmhair san fhoireann uirlisí do na príomhtheachtaireachtaí. Molaimid go mór duit é seo a úsáid le haghaidh grúpaí a dhéileáil le dúshlán frithsheasmhachta in aghaidh na n-antaibheathach amach anseo.

⁸ <http://press.linkedin.com/about>

⁹ <http://www.pbs.org/engage/blog/doctors-use-social-media-collaborate-online>

¹⁰ Tá rochtain ar Eolaire Grúpaí LinkedIn anseo: http://www.linkedin.com/groupsDirectory?trk=hb_side_grpsdir



Moltaí ábhair agus é bunaithe ar phríomhtheachtaireachtaí ar an ardán seo¹¹:

Is teagmhas laethúil ar fud na hEorpa iad baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh na n-antaibheathach [Nasc] An bhfuil aon acmhainní eile ar eolas agat a dhéileálann leis an bhfadhb seo? Cabhraigh linn an taighde is déanaí a bhailiú.

Taispeáin na fíricí – is iad uimhreacha agus taighde an bealach is fearr le taispeáint cén chaoi a mhéadaíonn úsáid antaibheathach an fhadhb. Tá roinnt sonraí bailithe againn daoibh [Nasc]

Céard is fiú a bheith eolach air? Tabhair fáthanna dúinn ar chóir dúinn úsáid chiallmhar antaibheathach a chur chun cinn.

Do Ghrúpa a Chothabháil: Is féidir leat rphoist a sheoladh chuig comhaltaí, ós rud é gur tusa úinéir an Ghrúpa. Tá ardráta inseachadtachta ag baint leis na rphoist seo, ós rud é go n-aithníonn an chuid is mo freastalaithe rphoist seoladh rphoist LinkedIn, rud a laghdaíonn an seans go seolfar go dtí fillteáin turscair iad.

- Cuir fotha RSS ó do shruth ar Twitter leis. Déanfaidh sé seo nuashonrú uathoibríoch ar do Ghrúpa ar LinkedIn agus laghdóidh sé an t-am cothabhála leanúnaí. Tosaigh plé ar ábhair ábhartha m.sh. dearadh soilse, taighde ar theicneolaíocht soilse s.rl. Bí páirteach i gcomhráití a thosaíonn comhaltaí an Ghrúpa.
- Tabhair aitheantas do ‘Phríomhlucht Tionchair’ sa chomhphobal cruthaithe – d’fhéadfadh creidmeas sóisialta cabhrú le rannpháirtíocht mhéadaithe daoine tábhachtacha agus ag an nGrúpa i coitinne a spreagadh.
- Cuir sonraí faoi ócáidí, ábhair, grianghraif, físeáin agus ócáidí eile ar fhéilire ócáidí LinkedIn agus spreag úsáideoirí chun freagra a thabhairt ar LinkedIn.

¹¹ <http://ecdc.europa.eu/en/eaad/Pages/ToolkitsHospitalPrescribers.aspx>

Aguisín

Aguisín 1: Mapáil ar ghníomhaithe agus lucht tionchair an AE atá gníomhach i ndáil le hantaibheathaigh (cáipéis PDF ar leith)

Aguisín 2: Suirbhé ar Pháirtithe EAAD agus a gcuid úsáide siúd de na meáin shóisialta (cáipéis PDF ar leith)

Aguisín 3: Tionscnaimh thábhachtacha nuair atáthar ag obair leis na meáin shóisialta